

Cuntas Leithreasa 2015

Vóta 18

Seirbhísí Roinnte

Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus do chostais Seirbhísí Roinnte, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- (a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- (b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2015, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2014, faoi na socrúithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlítear barrachas €16.79 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Polasaí Stoic

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Chaiteachais (Vóta 11), Seirbhís Roinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, taifeadtar an caitheamh ar stoc intomhalta TF faoi Vóta 11. Ós rud é, áfach, go meastar an stoc a bheith roinnte, áirítear é sna nótaí costais oibriúcháin do Chuntais Vóta 7, Vóta 11, Vóta 18 agus Vóta 39 agus leithdháiltear é bunaithe ar líon na foirne sna Ranna faoi seach.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn Seirbhísí Roinnte Náisiúnta ar ann dó ar bhonn riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cúí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 18.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cúí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirínte cúí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cúí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirínte rudaí a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002.

Ábhar faoi bhráid – Ró-íocaíochtaí

I gCuntas Leithreasa 2014 dhírigh mé aird ar cheist na ró-íocaíochtaí, ar féidir leo tarlú ar roinnt cúiseanna in aon eagraíocht, is cuma má bhaineann sí leis an earnáil príobháideach nó leis an earnáil poiblí. Áirítear orthu seo, gan a bheith teoranta dóibh siúd amháin, moill i dtaca le hiarratas a chur isteach ar, faomhadh nó próiseáil neamhláithreachtaí a théann i bhfeidhm ar phá, lena n-áirítear neamhláithreachtaí saoire breoiteachta nó socrúithe eile saoire, agus earráidí maidir le háireamh liúntas, párolla nó costas. Nuair a dhéantar custaiméir de chuid PeoplePoint d'eagraíocht, aistrítear an fhreagracht as forchúiteamh aon airgid atá dlite chuig PeoplePoint, cé go mbainistítear roinnt cásanna oidhreachta ag na CSP ábhartha.

Bhí iarmhairt nach rabhthas ag súil leis ag Scéim Bhreoiteachta Saoire na Seirbhíse Poiblí, a laghdaigh tairseacha agus a choigil circa €50 milliún go bliantúil ar fud na hearnála poiblí, is é sin gur tugadh ró-íocaíochtaí 'ar aghaidh'. Aistríodh an tairseach a théann i bhfeidhm ar phá ó 6 mhí go 3 mhí; roinn sin ina dhá leath, mar sin de, an tréimhse ama inarbh fhéidir le ró-íocaíocht tarlú, rud a d'fhág gurbh fhéidir le fostaithe tairseacha na saoire breoiteachta íoctha a bhaint amach dhá uair níos gaiste. Ós rud é go réachtáiltear an párolla roimh ré do Státseirbhísigh ciallaíonn sin go laghdaítear go mór an amlíne chun stop a chur le híocaíochtaí. Chuaigh sin i bhfeidhm go suntasach ar luach na ró-íocaíochtaí laistigh den chóras.

Ciallaíonn easpa faisnéise stairiúla láraithe (ón ré roimh PeoplePoint) maidir le ró-íocaíochtaí laistigh de bhonn custaiméirí PeoplePoint ar ann dó cheana go bhfuil sé deacair líon agus luach na ró-íocaíochtaí a rinneadh roimhe seo a oibriú amach go cruinn.

Ag deireadh 2015, rinneadh ró-íocaíochtaí do 2,969 duine (4,188 cás); bhain cuid de na cásanna leis an tréimhse roimh chruthú PeoplePoint i 2013. Faoi mar a luadh thuas, bainistítear roinnt cásanna oidhreachta ag na CSP ábhartha, mar sin de ní chuirtear san áireamh iad sna figiúirí seo. Is é luach na ró-íocaíochtaí seo ná €5,869,679. Tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm chun €3,599,078 den iarmhéid sin a aisghabháil; táthar ag dul sa tóir ar an gcuid eile den tsuim, €2,270,649, i gcomhar le haonaid AD Áitiúil na Roinne. Leanann ONISC, trí PeoplePoint agus trí Lárionad Seirbhísí Comhroinnte an Phárola, leanann sé air de bheith ag déanamh teagmhála le ranna maidir le luathaithe agus le luath-thuairisciú cásanna ró-íocaíochta.

Cuireadh tacar beart i bhfeidhm ag mo Roinnse chun aghaidh a thabhairt ar cheist na Ró-íocaíochtaí:

1. Bunaíodh grúpa oibre tras-rannach i Mí Dheireadh Fómhair 2014, ag cuimsiú ionadaithe ó Acmhainní Daonna (AD) áitiúla, lucht bainistíochta PeoplePoint, Aonad Polasaí AD na Státseirbhíse agus ón aonad teicneolaíochta, agus Rúnaí Cúnta ón Roinn Coimirce Sóisialaí mar Phríomhchathaoirleach air.

Tugadh mar thasc don Ghrúpa scrúdú a dhéanamh ar na céimeanna agus ar na próisis ró-íocaíochta ó cheann go ceann, athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas reatha agus ar mhéideanna, pointí teipe, gníomhartha láithreacha agus gearrthéarmacha a aithint, agus athruithe próisis a aithint chun rioscaí nua a íoslaghdú.

Díríodh fócas tosaigh an Ghrúpa ar bhainistiú neamhláithreachta, mar ar nascadh príomhbhunchúis a aithníodh leis na hathruithe i dtaca le rialacháin saoire breoiteachta ar fud na seirbhíse poiblí.

Méadaíodh an fhoireann Fhorchuiteamh in PeoplePoint go 20 ball foirne ó Mhí Aibreáin 2015 ar aghaidh. Dírítear an fhoireann seo ar chinntiú go bhfuil pleananna i bhfeidhm le go n-aisíocfaí gach ró-íocaíocht chomh luath agus is féidir.

2. Fuair anailís bhunchúise ró-íocaíochtaí ar fáil ó 01/05/2015 go 30/04/2016 amach go dtarlaíonn 82% de na ró-íocaíochtaí mar gheall ar cheisteanna lasmuigh de PeoplePoint; cuireadh thart ar 43% de na ró-íocaíochtaí i leith fostaithe, bainisteoirí líne agus ionchuir áitiúil AD. Íocaíochtaí bunúsacha is cúis le 32% de na cásanna eile, .i. ró-íocaíochtaí dosheachanta mar a reáchtáiltear an párola le haghaidh fostaithe roimh chásanna neamhláithreachta nó saoire neamhsceidealaithe.

Leanann mo Roinnse uirthi de bheith ag déanamh teagmhála le ranna áitiúla AD chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar cheist neamhchomhlíonadh an phróisis tuairiscithe neamhláithreachta féin, agus de dhul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar iarmhéid ró-íocaíochta a Roinne féin. Cuireann na feabhsuithe comhlíonta atá luaithe thuas béim ar iarmhairt dhíreach an tionscnaimh seo.

3. Forbraíodh agus faomhadh Ciorclán polasaí forchúitimh aonair atá á chur i bhfeidhm do gach státseirbhíseach le feidhm ó Mhí Mhárta 2015. Leagann an polasaí seo amach an gnáthamh caighdeánach d'fhorchúiteamh airgid ó aon bhall foirne nuair a tharlaíonn ró-íocaíocht. Cuireadh an polasaí in iúl don fhoireann trí mheán Oifigeach Pearsanra agus tá sé ar fáil ar thairseach PeoplePoint agus ar shuíomh gréasáin mo Roinne. Pléann an polasaí le roinnt ceisteanna, lena n-áirítear na príonsabail sin a bhuntacaíonn le forchúiteamh ró-íocaíochtaí, an próiseas forchúitimh, socruithe neamhchaighdeánacha agus roghanna aisíocaíochta. Tá athbhreithniú bliantúil beartaithe don Chiorclán go luath i 2016 agus marcáladh roinnt príomh-mhíreanna cheana le go ndéanfaí tuilleadh breithnithe fúthu lena n-áirítear bainistiú na gcásanna cruatain agus forchúiteamh uathoibríoch suimeanna atá dlite. Tá Oifig Náisiúnta an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte (ONISC)

rannpháirteach faoi láthair freisin in athbhreithniú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Chiorclán Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí, mar a bhfuiltear ag déanamh breithnithe faoi iarmhairtí chastachtaí forálacha an Luach Saothair Shealadaigh Athshlánaithe (LSSA).

Is iad na príomhdhúshláin atá fágtha ná líon na ró-íocaíochtaí a eascraíonn a laghdú go suntasach agus próiseáil níos éifeachtaí cásanna nuair a eascraíonn siad.

Nuashonrú Iúil 2016

Cé go ndeachaigh líon na bhfostaithe a ndéanann PeoplePoint freastal orthu i méid faoi 25% ó bhí tús 2014 ann, tá líon na gcásanna nua cé go bhfuil sé ard i gcónaí, c. 430 in aghaidh na míosa, ag fanacht ag an leibhéal céanna. D'aithin an Grúpa Oibre um Ró-íocaíochtaí, a bunaíodh go déanach i 2014, roinnt idirghabhálacha i réimsí an pholasaí, na ndaoine, an phróisis agus na teicneolaíochta ar fud na Státseirbhíse a chabhraigh chun méadú na gcustaiméirí a fhritháireamh. Ó thaobh polasaí de, bhain iarmhairt neamhbheartaithe le tairseacha laghdaithe an chiorcláin nua Saoire Breoiteachta, a choigil €50 milliún go bliantúil ar fud na hearnála poiblí, gur tugadh ró-íocaíochtaí 'ar aghaidh'. Ós rud é go ndéantar an pá-rolla a réachtáil roimh ré do Státseirbhísigh, fágann sin go bhfuil an amlíne chun stop a chur le híocaíochtaí laghdaithe go mór.

Cruthaíodh Grúpa Athbhreithnithe Próisis ó Cheann go Ceann in éineacht leis an ONSC chun a thuilleadh barainneachtaí a lorg. Míníonn an doiciméad seo na príomhghníomhartha atá ar siúl faoi láthair maidir le ró-íocaíochtaí ar fud na Státseirbhíse.

Baineann gach príomhghníomh le réimse fócais acu siúd:

1. Athrú polasaí i) don scéim Saoire Breoiteachta (m.sh. na háirimh ráta pá athshlánúcháin shealadaigh agus sosa sheirbhíse a shimpliú) agus ii) ciorclán na bhForchúiteamh. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht leis na Ceardchumainn.
2. Próiseas – an comhlíonadh atá riachtanach a threisiú leis an Oifigeach Cuntasaíochta. Tá na hArd-Rúnaithe chun nóta treorach a chur amach faoi ró-íocaíochtaí chuig gach roinn.
3. Teicneolaíocht/Tuairisceoireacht – Leanúint ar aghaidh le feabhsú tuairiscí agus uathoibríthe (m.sh. uathoibríú cásanna neamhdheimhnithe saoire breoiteachta a mhaireann níos lú ná 5 lá, rochtain ar CBAD a bhlocáil mura gcomhlánaítear foirmeacha fillte ar an obair ag an mbainisteoir.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go leanfar ar aghaidh le gach tionscnamh reatha faoi mar atá sin leagtha amach ag an nGrúpa Oibre. Tá an fócas, áfach, do R3 agus do R4 dírithe ag leibhéal straitéiseach ar na hidirghabhálacha 'ríthábhachtacha' sin (liostaithe thuas) a dhéanfaidh an difear is mó maidir le:

- A. Insreabhadh na gcásanna ró-íocaíochta atá á gcruthú a laghdú Laghdú ama phróiseála agus 'ag cur stop leis an gclog' níos túisce
- B. Laghdú ama phróiseála agus 'ag cur stop leis an gclog' níos túisce
- C. Luathú tabhairt ar ais airgid.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cúí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an feidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Robert Watt

Oifigeach Cuntasáíochta
Seirbhísí Roinnte

22 Meán Fómhair 2016

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 18 Seirbhísí Roinnte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 18 Seirbhísí Roinnte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáiltas agus caiteachas Vóta 18 Seirbhísí Roinnte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Méan Fomhair 2016

Vóta 18 Seirbhísí Roinnte

Cuntas Leithreasa 2015

		2015		2014
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte		2,110	1,459
B	PeoplePoint			681
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	14,526		
	<i>Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas</i>	698	15,224	13,153
C	Larionad seirbhísí párolla roinnte			13,247
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	16,831		
	<i>Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas</i>	300	17,131	9,300
D	Tionscadail eile Seirbhísí Roinnte		10,426	2,271
Ollchaiteachas				
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	43,893		
	<i>Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas</i>	998	44,891	26,183
<i>Asbhain</i>				
E	Leithreasaí-i-gcabhair		4,860	4,193
Glanchaiteachas				
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	39,033		
	<i>Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas</i>	998	40,031	21,990
			21,990	20,290

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Stáchtiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

	2015	2014
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	18,040,605	10,290,828
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	(1,248,000)	(998,000)
Farasbarr le Géilleadh	<u>16,792,605</u>	<u>9,292,828</u>

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2015		2014
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pána agus liúntais	21,633	15,417	11,977
ii	Taisteal agus cothabháil	54	67	22
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	627	586	272
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	797	195	321
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	4,248	3,081	1,131
vi	Costais áitreabh oifige	484	202	145
vii	Comhairleoireacht agus seirbhísí eile	—	—	—
		27,843	19,548	13,868

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2015

	Nóta	2015	2014
		€000	€000
Caiteachas cláir		6,635	9,378
Pá		15,417	11,977
Neamhphá		4,131	1,890
Ollchaiteachas		26,183	23,245
<i>Asbhain</i>			
Leithreasáí-i-gcabhair		4,193	2,955
Glanchaiteachas		21,990	20,290
Athruithe i sócmhainní caipitil			
Airgead tirim um cheannacháin	(116)		
Dímheas	3,329		
		3,213	(1,194)
Athruithe sna sócmhainní i mbun forbartha			
Íocaíochtaí in airgead tirim		(3,816)	(4,898)
Athruithe i nglansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhraithe deiridh	(901)		
Méadú stoic	(6)		
		(907)	(414)
Caiteachas díreach		20,480	13,784
Caiteachas tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara	1.1	(1,877)	1,216
Measchíosanna (neamh-airgead tirim)		151	132
Costas glan clár		18,754	15,132

1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 18 a iompraíodh in áiteanna eile.

		2015	2014
		€000	€000
Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais	m	194	200
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim		1	—
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí		1,033	1,016
Costas cionroinnte na seirbhísí roinnte do vótaí eile		(3,105)	—
		(1,877)	1,216

Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2015

	Nóta	2015 €000	2014 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	11,535	2,615
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3	8,439	17,021
		19,974	19,636
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	17,528	2,153
Stoic	2.5	18	12
Réamhíocaíochtaí		1,288	318
Ioncam fabhráithe		71	21
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	252	167
Iomlán na sócmhainní reatha		19,157	2,671
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		236	116
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	720	506
Maoiniú/iarmhéideanna réamhíocaíochta na gcliánt	2.9	15,804	736
Glandliteanas don Stáitchiste	2.8	1,255	1,078
Iomlán na ndliteanas reatha		18,015	2,436
Glansócmhainní reatha		1,142	235
Glansócmhainní		21,116	19,871
Arna léiriú ag:			
Cuntas um maoiniú Stáit	2.1	21,116	19,871

2.1 Cuntas um maoiniú Stáit	Nóta	2015 €000	2014 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		19,871	1,242
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	40,031	
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	Cuntas	(1,248)	
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(16,793)	
Vóta glan		21,990	20,290
Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile	1	(1,877)	1,216
Caiteachas neamh-airgid – CAUD coigeartú agus dímhneas	2.2	(265)	12,123
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1	151	132
Costas glan clár	1	(18,754)	(15,132)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		21,116	19,871

2.2 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh TF €000	Troscán agus feistis €000	Trealamh oifige €000	lomlán €000
Sócmhainní Caipitil				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015	3,169	456	36	3,661
Coigeartú	(1,479)	—	—	(1,479)
Breiseanna	13,509	30	41	13,580
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015	15,199	486	77	15,762
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015	953	79	14	1,046
Coigeartú ^a	(148)	—	—	(148)
Dímheas don bhliain	3,265	49	15	3,329
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2015	4,070	128	29	4,227
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015	11,129	358	48	11,535
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014	2,216	377	22	2,615

^a Tá an coigeartú riachtanach chun an tsuim agus an ráta dímheasa a cheartú, do shócmhainní áirithe a caipitlódh go hearráideach i 2014.

2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

ag 31 Nollaig	Feidhmeanna ríomhaire inmheánacha	
	2015 €000	2014 €000
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015	17,021	—
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	3,816	4,898
Aistrithe chuig sócmhainní caipitil	(12,398)	—
Coigeartú	—	12,123
Suimeanna a tugadh ar aghaidh	8,439	17,021

2.4 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	Nóta	2015 €000	2014 €000
Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta		1,724	1,295
Orduithe gan íoc	2.9	15,804	858
		17,528	2,153

2.5 Stoic

ag 31 Nollaig	2015 €000	2014 €000
Stáiseanóireacht	7	4
Ábhair inchaite TF	11	8
	18	12

2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Tuarastail In-Fhorchúitithe	9	—
Míreanna dochair eile ar fionraí	243	167
	<u>252</u>	<u>167</u>
2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
CBL	—	15
Cáin Ioncaim	178	95
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	181	118
Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla	142	146
Ranníocaíochtaí Pinsin	58	34
Cáin Mhaoine Áitiúil	3	2
Muirear Sóisialta Uilíoch	72	46
	<u>634</u>	<u>456</u>
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	86	50
	<u>720</u>	<u>506</u>
2.8 Glandliteanas don Státchiste	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas	16,792	9,293
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	1,248	998
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(16,785)	(9,213)
Glandliteanas don Státchiste	<u>1,255</u>	<u>1,078</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	17,527	2,153
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	252	167
	<u>17,779</u>	<u>2,320</u>
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(634)	(456)
Maoiniú/Iarmhéideanna réamhíocaíochta na gcliant	(15,804)	(736)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(86)	(50)
	<u>(16,524)</u>	<u>(1,242)</u>
	<u>1,255</u>	<u>1,078</u>

2.9 Cuntas Bainc Párolla arna Maoiniú ag an gCliaint

Soláthraíonn na Seirbhísí Comhroinnte feidhm seirbhíse comhroinnte párolla do roinnt rann/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. Ba é iarmhéid an chuntais seo ná €15,804,000 ag 31 Nollaig 2015, iomlán de seo ná airgead a rinneadh a lóisteáil ag na hoifigí cliaint seo le maoiniú a chlúdach do thuarastail thar thréimhse na bliana úire.

2.10 Ceangaltais	2015	2014
ag 31 Nollaig	€000	€000
lomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil	4,418	3,518
2.11 Dliteanais Aibí	2015	2014
Ag 31 Nollaig	€000	€000
Meastachán na ndliteanas aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana	3	4

3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

		2015		2014
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A	Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte			
A.1	Riarachán – pá	1,233	808	501
A.2	Riarachán – neamhphá	877	651	180
		<u>2,110</u>	<u>1,459</u>	<u>681</u>

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár a €651,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán – pá	425	Spreagtar an coigilteas ag earcú na foirne, a tharla níos déanaí ná mar a bhíodhas ag coinne leis. Bhí an buiséad ag coinne leis go líonfaí gach post faoi dheireadh 2015 agus níor tharla sin.
Riarachán – neamhphá	226	Chuaigh an mhoill earcaíochta i bhfeidhm ar chaitheamh neamhphá freisin. Spreagadh an coigilteas anseo freisin ag moill maidir le fáil cóiríochta nua oifige don Aonad Corparáideach.

		2015		2014
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B	Peoplepoint			
B.1	Riarachán – pá		10,500	9,441
B.2	Riarachán – neamhphá		1,949	1,598
B.3	Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte acmhainní daonna			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	2,077		
	<i>Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas</i>	698	2,775	2,114
			<u>15,224</u>	<u>13,153</u>
				<u>13,247</u>

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €2.1 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán – pá	1,059	Bhí an buiséad ag coinne leis go mbeadh riachtanas ragoibre agus forluí foirne i gceist le linn na céime deiridh earcaíochta. Ní raibh na costais sa réimse seo chomh suntasach agus a bhíodhas ag coinne leis i dtús báire.
Riarachán – neamhphá	351	Níor úsáideadh foráil le haghaidh tacaíochta seirbhíse bainistithe. Dhéanfaí mórchuid an chostais seo, dá n-úsáidí é, dhéanfaí é a fhorchúiteamh tríd an tobhach ar chliaint agus bhí iarmhairt tulchnagtha le sonrú, mar sin de, i dtaca le fáiltas Leithreasaí i gCabhair freisin.
Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte acmhainní daonna	661	D'eascair an tearc-chaitheamh ar an bhfo-cheanteideal seo go príomha i dtaca le cúrsaí caipitil; bhí na costais a bhain le feistiú foirgneamh agus le comhairleoireacht chaipitil níos ísle ná mar a bhíodhas ag coinne leis.

		2015		2014
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C	Oifig um sheirbhísí roinnte párolla			
C.1	Riarachán - pá	9,900	5,168	2,870
C.2	Riarachán - neamhphá	3,384	1,881	703
C.3	Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte párolla			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	3,547		
	<i>Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas</i>	300	2,251	4,069
			17,131	9,300
				7,642

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €7.8 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán – pá	4,732	Spreagtar an coigilteas ag aistriú cliant áirithe párolla chuig oifig na seirbhísí comhroinnte, a tharla níos déanaí ná mar a bhíodhas ag coinne leis.
Riarachán – neamhphá	1,503	Chuaigh na cásanna moille a ndéantar tagairt dóibh thuas i bhfeidhm ar chostais neamhphá freisin.
Bunú an tionscadail um sheirbhísí roinnte párolla	1,596	Eascaíonn an tearc-chaitheamh go príomha maidir le teicneolaíocht chaipitil. Bhí imirce na gcliant níos moille ná mar a bhíodhas ag coinne leis agus ní dheachthas ar aghaidh, mar sin de, le tionscadail áirithe chaipitil de réir na n-amlínte a beartaíodh i dtús báire.

	2015		2014
	Soláthar measta	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
D Tionscadail eile um sheirbhísí roinnte			
D.1 Riarachán – pá	—	—	—
D.2 Riarachán – neamhphá	—	—	—
D.3 Bunú an tionscadail um bainistíocht airgeadais	10,426	2,270	1,675
	<u>10,426</u>	<u>2,270</u>	<u>1,675</u>

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár D €3.2 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Tharla an éagsúlacht shuntasach mar seo a leanas.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Bunú an tionscadail um bainistíocht airgeadais	8,156	D'eascair an tearc-chaitheamh buiséid chaipitil mar gheall ar nár tharla uainiú shocrú an Rialtais bogadh ar aghaidh go dtí chéad chéim eile an tionscadail go dtí Mí Eanáir 2016. Bhí an buiséad ag coinne leis go ndéanfaí an socrú seo i 2015.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair	2015		2014
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1. Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí	800	598	442
2. Tobhach PeoplePoint	4,000	3,517	2,449
3. Ilghnéitheach	60	78	64
Iomlán	4,860	4,193	2,955

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%. Cé nár chomhlíon gach fo-mhírcheann na critéir sin, tá anailís ar an difríocht curtha ar fáil i leith gach ceann acu.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí	202	Bhain an gannchion maidir le hasbhaintí a bhaineann le pinsean go díreach le hearcú moillithe.
Tobhach PeoplePoint	483	Léiríonn an spriocasnamh i dtobhach PeoplePoint struchtúr leasaithe muirir ós rud é nár seachadadh go hiomlán seirbhís bhainistithe SBAD i 2015. Déantar tagairt don tearc-chaitheamh gaolmhar ar an tseirbhís bhainistithe SBAD san anailís difir Clár B i nóta 3.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2015	2014
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	542	442
	2015	2014
	€000	€000
Pá ^a	15,825	12,350
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	69	51
Liúntais eile	16	5
Ragobair	83	52
ÁSPC an Fhostóra	1,291	979
Pá iomlán	17,284	13,437

^a Tá pá ar áireamh i bhfigiúr an phá iomláin leithdháilte ar fud fho-mhírchinn A.1, B.1, B.3, C.1, C.3 agus D.3

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2015	2014
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	30	2	18,056	3,654
Liúntais eile	11	—	3,692	2,393
Ragobair	113	—	7,014	4,298
Líon na ndaoine a fuair luach breise saothair i níos mó ná catagóir amháin.	7	—	3,766	3,708

5.2 Socruithe Eile Luach Saothair

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe 1% PCW AHCPs, fuair beirt oifigeach méid iomlán de €1,602 maidir le liúntais sinsearachta.

5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €27,255 (26 gcás) (2014: €128,206). As é sin tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €9,386 (10 chás).

6 Ilnéitheacha

6.1 Meid ar aghaidh go dtí 2016

Faoi fhorálacha 91 den Acht Airgeadais 2014, tugadh €1,248,000 den leithdháileadh neamhchaite ar aghaidh go 2016.

6.2 Ranna Stáit Seirbhísí Poiblí faoi Chúram na Seirbhísí Roinnte ar 31 Nollaig 2015

Seirbhísí Roinnte Acmhainní Daonna – PeoplePoint

Ombudsman an Gharda Síochána
 An Phríomh Oifig Staidrimh
 Oifig na Phríomh-Atur nae Stáit
 An tSeirbhís Chúirteanna
 An Roinn Comhshail, Pobal agus Rialtas Áitiúil
 An Roinn Talamhaíocht, Bia agus Mara
 An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
 An Roinn Cosaint
 An Roinn Oideachais agus Scileanna
 An Roinn Airgeadais
 An Roinn Sláinte
 An Roinn Post, Fionta agus Nuálaíochta
 An Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais
 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais, Seirbhísí Roinnte)
 An Roinn Coimirce Sóisialaí
 An Roinn an Taoiseach
 An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
 An Bord um Cunamh Dílíthiúl
 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta
 Leabharlann Náistúnta na hÉireann
 Oifig na nOibreacha Poiblí
 Oifig an Ard-Aighne
 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
 Oifig an Ombudsman
 Oifig na gCoimisinéirí Ioncam
 Suirbhéireacht Ordanaís Éireann
 Teaghlachas an Uachtaráin
 An tÚdarás Clárucháin Maoine
 Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí
 An tÚdarás Um Shábháilteacht ar Bhóihntre
 An Coimisiún na Scrúduithe Stáit
 An Saotharlaan Stáit
 Oifig Luachála

Seirbhísí Roinnte Párolla – PSSC

Garda Síochána (Fórsaí Gharda agus Garda Sibhailtach san áireamh)
 An Phríomh Oifig Staidrimh
 Oifig na Phríomh-Atur nae Stáit
 An tSeirbhís Chúirteanna
 Bord Athstruchtúrúcháin na gComhar Creidmheasa “REBO”
 An Roinn na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghalteacht
 An Roinn Comhshail, Pobal agus Rialtas Áitiúil
 An Roinn Cosaint
 An Roinn Oideachais agus Scileanna
 An Roinn Airgeadais (pinsinéirí PMG san áireamh)
 An Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais (Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC), An tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus Scoileanna Coinneála Leanaí),

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais, Seirbhísí Roinnte)
An Roinn Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
An Roinn an Taoiseach
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
An tÚdarás Um Fhaisnéis Cailiocht Sláinte
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Seirbhís Phríosúin na hÉireann
Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí
An Bord um Cunamh Dlíthiúl
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Oifig an Ard-Aighne
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Oifig an Ombudsman
An Uachtarán agus Teaghlachas an Uachtaráin
An tÚdarás Clárucháin Maoine
An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí
An Coimisiún na Scrúduithe Stáit
An tSaorthlann Stáit Saotharlaan Stáit